Don Oifig Amháin	Tagairt FAC _____
An Dáta a bhFuarthas	
_____	
Faighte in am?	Tá/Níl
3ú Páirtí	Sea ☐ Ní hea ☐
Seiceáilte ag:	_____

FOIRM UM FHÓGRA ACHOMHAIRC

Achomharc chuig an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta (FAC)

Is ionann an fhoirm seo agus an fhormáid don achomharc a éilíonn an FAC agus ní mór í a úsáid le linn achomharc a thíolacadh i gcomhréir leis na Rialacháin um an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta, 2020.

Ní ghlacfar le hachomhairc a thíolactar in aon fhormáid eile.

Mionsonraí faoin Achomharcóir	
FÓGRA TÁBHACHTACH: MÁ TÁ NÍOS MÓ NÁ DUINE AMHÁIN AG DÉANAMH ACHOMHAIRC NÍ MÓR DO GACH ACHOMHARCÓIR AR LEITH **FOIRM AR LEITHLIGH UM FÓGRA ACHOMHAIRC** A THÍOLACADH. **MEASFAR ACHOMHARC A FHAIGHTEAR AGUS NÍOS MÓ NÁ ACHOMHARCÓIR AMHÁIN LIOSTAITHE ANN A BHEITH NEAMHBHAILÍ.** COMHLÁNAIGH NA RÉIMSÍ GO LÉIR LE DO THOIL.	
1. Ainm an Achomharcóra:	
2. Seoladh an Achomharcóra: **(Cuir Éirchód san áireamh, le do thoil)**	
3. Uimhir Theileafóin:	
4. Ríomhphost: Tabhair do d'aire le do thoil gurb amhlaidh, i gcás ina dtugtar seoladh ríomhphoist, go bhféadfar gach comhfhreagras ón FAC a eisiúint le ríomhphost	
Mionsonraí faoi bhreith an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) a bhfuil achomharc le déanamh ina coinne **NÍ MÓR FOIRM AR LEITHLIGH A CHOMHLÁNÚ MAIDIR LE GACH BREITH AR LEITH**	
5. Tagairt na Breithe[1]: *Cuir tic leis an gcineál ceadúnais cuí agus tabhair uimhir an cheadúnais*	☐ Foraoisiú (CN): _____ ☐ Oibreacha Bóthair Foraoise: (CN): _____ ☐ Ceadúnas Leagtha Crann: _____ ☐ Toirchiú ón Aer (AFA): _____
6. Dáta na Breithe a bhfuil achomharc á déanamh ina coinne [1]: ____/____/_____	**7. Baile Fearainn agus Contae:**
8. Luaigh, le do thoil, an tusa an tIARRATASÓIR[2] atá ainmnithe sa Bhreith : Is mé ☐ **Ní mé** ☐	

9. Forais Achomhairc an Iarratasóra agus doiciméid/faisnéis tacaíochta

[1] Ar fáil ar láithreán gréasáin DAFM https://www.gov.ie/en/publication/642e6-forestry/

[2] Baineann iarratasóir leis an duine a rinne an t-iarratas chuig an Rinne Talmhaíochta Bia agus na Mara ar an gceadúnas, ar an gceadú nó ar an taifead i gclár is ábhar don achomharc seo.

Ní mór don achomharcóir Roinn 14 lastall a chomhlánú trí gach ceann de na forais achomhairc a leagan amach agus ní mór baint shonrach a bheith ag na forais sin leis an gceadúnas, lena n-áirítear na fíorais agus an réasúnú a mbeartaíonn an t-achomharcóir brath orthu agus, de réir Alt 14.B(4) den Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (arna leasú), ní mór dó nó di gach doiciméad, sonra nó faisnéis eile a mheasann sé nó sí a bheith iomchuí, mar aon le liosta d'aon doiciméid, sonraí ní faisnéis eile, a chur san áireamh.

10. An táille atá le cur in éineacht leis an achomharc

Déantar foráil leis an Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020, maidir le bailiú táillí €200. Iarrtar ort €200 a chur ar fáil in éineacht leis an bhfoirm seo i bhfoirm ordú poist, dréacht bainc nó seic. Is ceart íocaíochtaí a dhéanamh iníoctha leis an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta. **Tabhair do d'aire, le do thoil, gurb é a leanfaidh as mainneachtain an táille a chur ar fáil in éineacht le d'achomharc ná go measfar d'achomharc a bheith neamhbhailí.**

11. Achomhairc a éisteacht

Seolann an FAC éisteachtaí achomhairc san Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhinsí, Port Laoise, Contae Laoise, R32 DTW5, nó in ionad eile i bPort Laoise, nó go cianda nuair a mheastar gur cuí sin. Déanfaidh an Coiste Achomhairc Foraoiseachta achomharc gan éisteacht ó bhéal mura rud é, ag féachaint d'imthosca ar leith an achomhairc lena mbaineann, go measann sé gur gá éisteacht ó bhéal a sheoladh chun an t-achomharc a chinneadh go cuí agus go cothrom. Is iad na hachomharcóirí nó a n-ionadaí (n-ionadaithe) a iompróidh gach táille a ghearrann aon ionadaí (ionadaithe) nó aon chostais a thabhaíonn an t-achomharcóir nó a ionadaí nó a hionadaí (a ionadaithe nó a hionadaithe) maidir le freastal ar éisteacht. Má sheoltar éisteacht ó bhéal, déanfar dáta, am agus suíomh na héisteacht sin a chur in iúl d'achomharcóirí agus ní féidir an dáta a athrú tar éis é a bheith sceidealta. Ní mór ainmneacha aon duine (daoine) a bheidh in éineacht le hachomharcóirí le linn achomhairc, nó a bheidh ainmnithe chun freastal ar éisteacht ó bhéal thar ceann iarratasóra, a sholáthar má iarrtar amhlaidh. I gcás ina soláthraítear seoladh ríomhphoist, féadfar gach cumarsáid ón FAC a éisiúint le ríomhphost amháin.

12. Achomhairc a thíolacadh

Féadfar achomhairc a chur isteach sa phost. Is é an seoladh poist an Coiste Achomhairc Foraoiseachta, an Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Chill Mhichíl, Port Laoise, Co. Laoise, R32 DTW5. Ní mór don achomharcóir an Fhoirm Fógra Achomhairc a shíniú. Ní féidir glacadh le hachomhairc agus íocaíochtaí nach bhfaightear laistigh den spriocdháta reachtúil.

Spriocdháta Reachtúil chun Achomhairc a Fháil

Tá aon chinntí arna n-eisiúint ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) suas go dtí an 11 Iúil 2021 agus lena n-áirítear an spriocdháta reachtúil **28 lá** ie caithfidh an oifig seo Foirm Fógra Achomhairc an FAC a fháil chomh maith leis an € 200 táille laistigh de 28 lá ó chinneadh DAFM.

Tá aon chinntí arna n-eisiúint ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) amhail ón 12 Iúil 2021 faoi réir an spriocdháta reachtúil **14 lá** ie ní mór don oifig seo Foirmeacha Fógra Achomhairc an FAC a fháil chomh maith leis an táille € 200 laistigh de 14 lá ó chinneadh DAFM.

Mura bhfaigheann tú admháil ar d'achomharc, téigh i dteagmháil leis an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta ar an teileafón ar: (057) 8667167; nó trí r-phost: forestry@agriappeals.gov.ie.

13. D'achomharc a phróiseáil agus faisnéis a chomhroinnt

Cosaint Sonraí - GDPR

i. Bailíonn an Coiste Achomhairc Foraoiseachta (FAC) sonraí pearsanta chun iarratais ar achomhairc a phróiseáil; d'fhéadfadh sé go ndéanfar sonraí pearsanta a úsáid, in imthosca áirithe, chun críoch staitistiúil, taighde agus anailíse ach ní dhéanfar amhlaidh ach amháin de réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí atá i bhfeidhm. Déanfar sonraí a úsáidfear chun na gcríoch sin a léiriú faoi riocht bréige (a cheilt) nó a anaithnidiú, de réir mar is cuí, chun slándáil agus rúndacht na sonraí a chosaint. D'fhéadfadh úsáid sonraí sa tslí sin ag an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta (FAC) a bheith ina cabhair maidir le faisnéis a chur ar fáil le linn cinntí

beartais a dhéanamh amach anseo. Tá an FAC tiomanta go hiomlán i leith na sonraí pearsanta go léir a chuireann a chustaiméirí ar fáil a choimeád go hiomlán sábháilte agus daingean le linn próisis riaracháin.

ii. Le linn don AAO achomharc FAC a phróiseáil, d'fhéadfadh sé go gcomhroinnfidh sé sonraí atá bailithe ón achomharcóir le páirtithe iomchuí eile agus d'fhéadfadh sé go ndéanfar sonraí achomhairc a chur san áireamh sa taifead, agus a léamh go poiblí, le linn aon éisteacht ó bhéal a sheoltar i ndáil leis an éisteacht ó bhéal agus d'fhéadfadh sé go bhfoilseofar an t-ábhar sin ar láithreán gréasáin poiblí. Déantar foráil maidir leis an gcomhroinnt sonraí sin san Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, arna leasú, agus sna Rialacháin um an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta, 2020.

iii. Déanfar Ráiteas DAFM maidir le forais achomhairc a sholáthar do na páirtithe go léir san achomharc.

iv. Déanfaidh an FAC faisnéis a bhaineann le hachomhairc a choimeád ar feadh 7 mbliana ar a laghad.

v. Measann an FAC go bhfuil trédhearcacht agus oscailteacht i leith húsáid sonraí tábhachtach agus tá sé mar aidhm ag an FAC faisnéis iomlán a thabhairt dá chustaiméirí go léir maidir leis an gcuspóir (maidir leis na cuspóirí) ar ina leith a úsáidfear a sonraí agus i dtaobh cén fáth a gcoimeádtar a sonraí, cad iad na cásanna ina bhféadfar na sonraí sin a chomhroinnt le páirtithe eile agus cá fhad a fhéadfar na sonraí sin a choimeád. Déantar mionsonraí faoin bhfaisnéis agus faoi chearta custaiméirí a sholáthraíonn sonraí pearsanta don FAC a thabhairt ar láithreán gréasáin an FAC sa roinn a bhaineann le cosaint sonraí www.agriappeals.gov.ie.

vi. Maidir le sonraí pearsanra arna bpróiseáil ag an FAC, ní bhainfear úsáid as ach amháin le haghaidh an chuspóra shonraí (na gcuspóirí sonracha) a luaitear amach tráth bailithe na sonraí (Foirm um Fhógra Achomhairc) agus mar atá leagtha amach go mionsonraithe ar láithreán gréasáin na hOifige sa roinn a bhaineann le cosaint sonraí www.agriappeals.gov.ie.

vii. Cuirtear in iúl duit gurb amhlaidh, i gcás ina ndéanann tú freastal ar an Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhinsí, Port Laoise, Contae Laoise, R32 DTW5, go bhfuil CCTV i bhfeidhm ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht cuairteoirí agus baill foirne. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige sa roinn a bhaineann le sonraí pearsanta www.agriappeals.gov.ie.

14. Forais agus Ráiteas an Achomharcóra (ceadaítear leathanaigh bhreise a úsáid más gá)

15. Dearbhú

Tríd an dearbhú anseo thíos a shíniú tá achomharc á dhéanamh agat i gcoinne na breithe dá dtagraítear san Fhoirm seo um Fhógra Achomhairc agus tá dearbhú á dhéanamh agat go bhféadfar mionsonraí faoi d'achomharc a sholáthar do pháirtithe iomchuí eile agus go bhféadfar iad a áireamh sa taifead agus a léamh go poiblí le linn aon éisteacht ó bhéal a sheoltar i leith an achomhairc seo agus go bhféadfar iad a fhoilsiú.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá ann i m'achomharc fíor agus cruinn agus go bhfuil na rialacha lena rialaítear tíolacadh agus próiseáil achomharc ag an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta, lena n-áirítear Ailt 14A go 14F den Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, an tAcht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2001 agus na Rialacháin im an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta, 2020, léite agam.

Síniú an Achomharcóra: _____

Dáta: _____